| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An maith leat torthaí? | Do you like fruit? |
| | Is maith / Ní maith | Yes / No |
| | Cén saghas bia is fearr leat? | What kind of food do you prefer? |
| | Cén saghas bia is ansa leat? | What's your favorite kind of food? |
| | Is maith liom iasc. | I like fish. |
| | Is breá liom iasc. | I love fish |
| | Is fearr liom feoil. | I prefer meat. |
| | Ní maith liom brocailí. | I don't like broccoli. |
| | Is fuath liom brocailí. | I hate broccoli. |
| **2.** | Cén caitheamh aimsire atá agat? | What pastime do you have? |
| | Cad is maith leat a dhéanamh? | What do you like to do? |
| | Is maith liom péinteáil. | I like painting. |
| | Is maith liom (a) bheith ag péinteáil. | I like to paint. |
| **3.** | An maith leat breathnú ar an teilifís? | Do you like watching television? |
| | An maith leat bualadh le do chairde? | Do you like meeting your friends? |
| | An maith leat éisteacht le ceol? | Do you like listening to music? |
| | An maith leat a bheith ag caint ar an bhfón? | Do you like talking on the phone? |
| **4.** | Cad is maith leat a ól? | What do you like to drink? |
| | An maith leat caife a ól? | Do you like to drink coffee? |
| | An maith leat a bheith ag ól caife? | Do you like drinking coffee? |
| | An maith leat peil a imirt? | Do you like to play football? |
| | An maith leat a bheith ag imirt peile? | Do you like playing football? |
| **5.** | Cé acu is fearr leat, peil nó iománaíocht? | Which do you prefer, football or hurling? |
| | Is fearr liom peil. | I prefer football. |
| | Is maith liom iad araon. | I like them both. |
| | Ní maith liom ceachtar acu. | I don't like either of them. |
| | Is cuma liom iad araon. | I don't care for either of them. |
| **6.** | Cé acu ab fhearr leat, dul ag snámh nó dul ag rith? | Would you rather go swimming or go running? |
| | B'fhearr liom dul ag snámh. | I'd rather go swimming. |
| | Níor mhaith liom ceachtar acu a dhéanamh. | I wouldn't like to do either of them. |
| **7.** | Ar thaitin do bhricfeasta leat? | Did you like your breakfast? |
| | Thaitin. / Níor thaitin. | Yes / No |
| | An dtaitníonn do chuid oibre leat? | Do you like your work? |
| | Taitníonn. / Ní thaitníonn. | Yes / No |